www.mic.ie

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019 - 2020



MIC
MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

MIC
MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ	2
RIALACHAS	6
TÍRDHREACH SEACHTRACH	8
FORBAIRT AN CHAMPAIS	10
CLÁIR	1
TIONSCADAIL AGUS	1
GNÍOMHAÍOCHTAÍ GRADAIM	12
AGUS ÉACHTAÍ	16
FORBAIRT NA hOIBRE IDIRNÁISIÚNTA	19
COMHDHÁLACHA AGUS SEIMINEÁIR	21
RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL AGUS CULTÚR	23
SPÓRT	25
UIMHREACH BRONNTA CÉIME	27
2017 ÚSÁID FUINNIMH	28

Réamhrá

I mí Mheán Fómhair 2019, chláraigh níos mó ná 2,200 mac léinn nua den chéad uair ag leibhéal na fochéime agus na hiarchéime ag CMGS, le beagnach 950 mac léinn cláraithe i ndeich gclár fochéime ar champais Luimnigh agus Dhurlais, 950 mac léinn ar an gclár LINC agus beagnach 350 mac léinn iarchéime ar chláir teagaisc agus ar chláir taighde. Táimid an-bhródúil gur féidir linn a rá go bhfuil daonra mac léinn de bhreis is 5,000 mac léinn fochéime agus iarchéime againn anois ó cheann ceann na hÉireann. Is coláiste fíor-idirnáisiúnta é CMGS le mic léinn idirnáisiúnta nua agus ag filleadh ó Mheiriceá, ón Airméin, ón Astráil, ón mBrasaíl, ó Cheanada, ón tSín, ón Ind, ón tSeapáin, ó Chéinia, ó Libia, ó Mheicsiceo, ó Mharacó, ón Nigéir, ón bPacastáin, ón bPalaistín, ón Rúis, ón Araib Shádach agus ón Tansáin agus Mic léinn Erasmus+ ón Ostair, ó Shasana, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ísiltír, ón Spáinn agus ón Eilbhéis.

Ar an 13 Márta 2020, de réir fhógraí an Rialtais, dhún campais fhisiciúla CMGS i Luimneach agus i nDurlas mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Cuireadh seachadadh clár do gach clár fochéime agus iarchéime ar líne agus d'oibrigh formhór d'fhoireann an Choláiste ón mbaile de réir chomhairle an Rialtais.

Cheadaigh an Bhainistíocht Shinsearach Plean Freagartha COVID-19 i mí Feabhra 2020 agus ceapadh Grúpa Freagartha COVID-19 le baill ón Fhoireann Feidhmiúcháin, bainisteoirí líne sinsearacha eile mar aon le hionadaithe ó Aontas na Mac Léinn. D'aithin an Grúpa seo príomhréimsí nár mhór aghaidh a thabhairt orthu chun leanúnachas na n-oibríochtaí sa Choláiste a chinntiú. Bunaíodh Foghrúpa Acadúil de Ghrúpa Freagartha COVID-19 chun Plean Freagartha Acadúil a fhorbairt.

Bhí sé de chúram ar an bhFoghrúpa Acadúil seo freagairt chomhleanúnach a fhorbairt ar réimse na ndúshlán a bhain le seachadadh agus le measúnú clár a bhí cruthaithe ag géarchéim COVID-19. I bhfianaise scála agus méid na héiginnteachta atá os comhair an chórais IAO trí chéile, rinne CMGS iarracht freagra a chruthú a thug cosaint do shláine acadúil ár gcláir. Mar chuid lárnach de seo bhí an aidhm go mbeadh mic léinn CMGS in ann measúnuithe a dhéanamh agus a gcuid staidéir a chríochnú go tráthúil ionas go mbeidís in ann dul ar aghaidh go dtí an chéad bhliain acadúil eile nó céim a bhaint amach. Bhí dhá phríomhghné ag rialú an fhreagra seo, solúbthacht na foirne agus na mac léinn maidir le freastal ar na dúshláin a bhaineann leis an ngéarchéim agus comhbhá a léiriú maidir leis na deacrachtaí áirithe atá roimh gach ball de phobal CMGS, mar aon le freagairt dóibh agus sinn ag gabháil tríd an bpaindéim.

In ainneoin na paindéime, reáchtáladh ócáidí iomráiteacha (fóraim, siompóisiamaí agus comhdhálacha) i rith na bliana 2019/2020, agus chuir gach ceann acu le fís CMGS mar institiúid a chuireann deiseanna foghlama agus taighde ardleibhéil ar fáil atá ar ardchaighdeán. Chuir na himeachtaí seo lenár gcuspóir go n-aithneofar sinn agus go léireofar meas orainn as ucht an méid atá déanta againn chun cur le contanam an tsoláthair acadúil i gcomhoibriú éifeachtach agus táirgiúil lenár gcomhpháirtithe san Earnáil Ardoideachais. Tá tuilleadh faisnéise faoina hócáidí thuasluaite le fáil sa tuarascáil seo. Tá súil againn go gceapfaidh tú go bhfuil ábhar na tuarascála suimiúil agus faisnéiseach.

Oifig an Uachtaráin, Coláiste Mhuire gan Smál

Déantar an tuarascáil a aistriú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) tar éis don Údarás Rialaithe í a fhaomhadh.



Réamhrá

I mí Mheán Fómhair 2019, chláraigh níos mó ná 2,200 mac léinn nua den chéad uair ag leibhéal na fochéime agus na hiarchéime ag CMGS, le beagnach 950 mac léinn cláraithe i ndeich gclár fochéime ar champais Luimnigh agus Dhurlais, 950 mac léinn ar an gclár LINC agus beagnach 350 mac léinn iarchéime ar chláir teagaisc agus ar chláir taighde. Táimid an-bhródúil gur féidir linn a rá go bhfuil daonra mac léinn de bhreis is 5,000 mac léinn fochéime agus iarchéime againn anois ó cheann ceann na hÉireann. Is coláiste fíor-idirnáisiúnta é CMGS le mic léinn idirnáisiúnta nua agus ag filleadh ó Mheiriceá, ón Airméin, ón Astráil, ón mBrasaíl, ó Cheanada, ón tSín, ón Ind, ón tSeapáin, ó Chéinia, ó Libia, ó Mheicsiceo, ó Mharacó, ón Nigéir, ón bPacastáin, ón bPalaistín, ón Rúis, ón Araib Shádach agus ón Tansáin agus Mic léinn Erasmus+ ón Ostair, ó Shasana, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ísiltír, ón Spáinn agus ón Eilbhéis.

Ar an 13 Márta 2020, de réir fhógraí an Rialtais, dhún campais fhisiciúla CMGS i Luimneach agus i nDurlas mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Cuireadh seachadadh clár do gach clár fochéime agus iarchéime ar líne agus d'oibrigh formhór d'fhoireann an Choláiste ón mbaile de réir chomhairle an Rialtais.

Cheadaigh an Bhainistíocht Shinsearach Plean Freagartha COVID-19 i mí Feabhra 2020 agus ceapadh Grúpa Freagartha COVID-19 le baill ón Fhoireann Feidhmiúcháin, bainisteoirí líne sinsearacha eile mar aon le hionadaithe ó Aontas na Mac Léinn. D'aithin an Grúpa seo príomhréimsí nár mhór aghaidh a thabhairt orthu chun leanúnachas na n-oibríochtaí sa Choláiste a chinntiú. Bunaíodh Foghrúpa Acadúil de Ghrúpa Freagartha COVID-19 chun Plean Freagartha Acadúil a fhorbairt.

Bhí sé de chúram ar an bhFoghrúpa Acadúil seo freagairt chomhleanúnach a fhorbairt ar réimse na ndúshlán a bhain le seachadadh agus le measúnú clár a bhí cruthaithe ag géarchéim COVID-19. I bhfianaise scála agus méid na héiginnteachta atá os comhair an chórais IAO trí chéile, rinne CMGS iarracht freagra a chruthú a thug cosaint do shláine acadúil ár gcláir. Mar chuid lárnach de seo bhí an aidhm go mbeadh mic léinn CMGS in ann measúnuithe a dhéanamh agus a gcuid staidéir a chríochnú go tráthúil ionas go mbeidís in ann dul ar aghaidh go dtí an chéad bhliain acadúil eile nó céim a bhaint amach. Bhí dhá phríomhghné ag rialú an fhreagra seo, solúbthacht na foirne agus na mac léinn maidir le freastal ar na dúshláin a bhaineann leis an ngéarchéim agus comhbhá a léiriú maidir leis na deacrachtaí áirithe atá roimh gach ball de phobal CMGS, mar aon le freagairt dóibh agus sinn ag gabháil tríd an bpaindéim.

In ainneoin na paindéime, reáchtáladh ócáidí iomráiteacha (fóraim, siompóisiamaí agus comhdhálacha) i rith na bliana 2019/2020, agus chuir gach ceann acu le fís CMGS mar institiúid a chuireann deiseanna foghlama agus taighde ardleibhéil ar fáil atá ar ardchaighdeán. Chuir na himeachtaí seo lenár gcuspóir go n-aithneofar sinn agus go léireofar meas orainn as ucht an méid atá déanta againn chun cur le contanam an tsoláthair acadúil i gcomhoibriú éifeachtach agus táirgiúil lenár gcomhpháirtithe san Earnáil Ardoideachais. Tá tuilleadh faisnéise faoina hócáidí thuasluaite le fáil sa tuarascáil seo. Tá súil againn go gceapfaidh tú go bhfuil ábhar na tuarascála suimiúil agus faisnéiseach.

Oifig an Uachtaráin, Coláiste Mhuire gan Smál

Déantar an tuarascáil a aistriú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) tar éis don Údarás Rialaithe í a fhaomhadh.




#MICAlumni



RIALACHAS

IONTAOBHAITHE

Is iad seo a leanas na hIontaobhaithe don tréimhse seo:

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy
- An Dr Áine Lawlor
- Richard Leonard
- An Dr Marie Griffin
- An tSiúr Frances Minahan, Siúracha na Trócaire
- An tSiúr Angela Hartigan, Siúracha na Trócaire
- An Sár-Oirmhinneach Kieran O'Reilly
- An Sár-Oirmhinneach Raymond Browne
- Sean Burke

Tháinig na hIontaobhaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 5 Samhain 2019
- 17 Nollaig 2019
- 26 Feabhra 2020
- 28 Aibreán 2020
- 1 Iúil 2020

AN tUDARÁS RIALAITHE

Ba iad seo a leanas ballraíocht an Údaráis Rialaithe don tréimhse seo:

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy (Cathaoirleach)
- An Dr Áine Lawlor, (Leas-Chathaoirleach), Iontaobhaí ainmnithe ina measc féin
- An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán
- An tOll. Niamh Hourigan, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla
- Michael Keane, Leas-Uachtarán ar Chúrsaí Riaracháin & Airgeadais
- Catherine Kelly, ainmnithe ag Siúracha na Trócaire
- Fachtna O' Driscoll, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Mary Considine, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Helen O'Donnell, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Gerry Reeves, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Maedhbh Uí Chiagáin, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- An Dr Marie Griffin, ainmnithe ag Siúracha na Trócaire
- Seán McMahon, Ionadaí Alumni
- Emma Barry, Ainmní na Seirbhísí Gairmiúla
- Áine Finucane, Ainmní na Seirbhísí Gairmiúla
- Declan Madden, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- An Sr Coirle McCarthy, ainmnithe ag Siúracha na Trócaire
- An Dr Des Fitzgerald, Uachtarán, Ollscoil Luimnigh
- Aisling Cusack, Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- Pádraig Murphy, Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- Eamon Stack, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Conn Murray, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- An Breitheamh Tom O'Donnell, Rialtóir Neamhspleách Sinsearach, ainmnithe ag na hIontaobhaithe

Tháinig an tÚdarás Rialaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 18 Meán Fómhair 2019
- 11 Nollaig 2019
- 29 Eanáir 2020
- 8 Aibreán 2020
- 17 Meitheamh 2020

AN FOIREANN FHEIDHMEANNACH

Feidhmíonn an Fhoireann Fheidhmeannach mar ghrúpa comhairleach don Uachtarán maidir le bainistíocht laethúil an Choláiste. Tá baill de ghrúpa ardbhainistíochta an Choláiste, arna gceapadh go díreach ag an Uachtarán, ar an bhFoireann Fheidhmeannach.

Ballraíocht

- An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán
- An tOll. Niamh Hourigan, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla
- Michael Keane, Leas-Uachtarán ar Chúrsaí Riaracháin agus Airgeadais
- An tOll. Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Rialachais agus Straitéise
- An tOll. Micheál Healy, Leas-Uachtarán Taighde
- An tOll. Emer Ring, Déan an Oideachais
- An tOll. Micheál Breen, Déan na nDán (Ar shos M.F. 2019 - Meitheamh 2020)
- An Dr John Perry, Déan na nDán (Gníomhach)
- An Dr Orla Banks, Stiúrthóir Oibríochtaí Feidhmiúcháin
- An Dr Maeve Liston, Stiúrthóir Fiontair agus um Rannpháirtíocht sa Phobal
- An Dr Gwen Moore, Stiúrthóir an Teagaisc agus na Foghlama
- Frank White, Stiúrthóir Acmhainní Daonna
- An Dr Geraldine Brosnan, Stiúrthóir Shaol na Mac Léinn

Tháinig an Fhoireann Fheidhmeannach le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 12 Meán Fómhair 2019
- 19 Meán Fómhair 2019
- 4 Deireadh Fómhair 2019
- 5 Samhain 2019
- 28 Samhain 2019
- 19 Nollaig 2019
- 14 Eanáir 2020
- 23 Eanáir 2020
- 20 Feabhra 2020
- 26 Márta 2020
- 9 Aibreán 2020
- 29 Aibreán 2020



- 28 Bealtaine 2020
- 25 Meitheamh 2020
- 27 Lúnasa 2020

AN CHOMHAIRLE ACADÚIL

Ballraíocht

- An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán
- An tOll. Niamh Hourigan, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla
- An tOll. Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Rialachais agus Straitéise
- An tOll. Micheál Healy, Leas-Uachtarán Taighde
- An tOll. Emer Ring, Déan an Oideachais
- An Dr Angela Canny, Déan Cúnta an Oideachais (Gníomhach)
- An tOll. Micheál Breen, Déan na nDán (Ar shos M.F. 2019 - Meitheamh 2020)
- An Dr John Perry, Déan na nDán (Meán Fómhair 2019 - Meitheamh 2020)
- An Dr Liam Chambers, Ceann Roinn na Staire
- An Dr Lisha O'Sullivan, Ceann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus na Seirbhísí Luath-Óige
- Eucharia McCarthy, Stiúrthóir an Aonaid Forbartha Curaclaim
- An Dr Carol O'Sullivan, Ceann Roinn na Foghlama, na Sochaí agus an Oideachais Reiligiúnaigh
- Aisling Cusack, Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- Pádraig Murphy, Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- An tOllamh Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime (A d'éirigh as i Márta 2020)
- An Dr Loic Guyon, Ceann Roinn na Fraincise
- An Dr Finn Ó Murchú, Ceann na Scoile Oideachais (Iar-Bhunscoil)
- An Dr Breandán Ó Cróinín, Ceann Roinn na Gaeilge
- An Dr Geraldine Brosnan, Stiúrthóir Shaol na Mac Léinn
- An Dr Christiane Schönfeld, Ceann Roinn an Léinn Ghearmánaigh
- An Dr Sabine Egger, Ceann Roinn an Léinn Ghearmánaigh (Gníomhach) (Ean 2020 - Bealt 2020)
- An Dr Patrick Connolly, Cláraitheoir Cúnta
- Áine Finucane, Leabharlannaí
- An Dr John O'Shea, Ceannaire Cúrsa, Clár an Bhaitsiléara Oideachais
- An Dr Claire Griffin, Ceannaire Cúrsa, Clár an Bhaitsiléara Oideachais agus Clár an Bhaitsiléara Oideachais & Síceolaíochta
- Diarmuid Ó Drisceoil, Ceann Roinn na Matamaitice agus an Staidéir Ríomhaireachta
- An Dr Catherine Kavanagh, Ceann Roinn na Fealsúnachta (Gníomhach)
- An Dr Rosemary Day, Ceann Roinn na Meán & Staidéar Cumarsáide
- Seán de Brún, Ceann Roinn na Teanga, na Litearthachta agus na Matamaitice
- An Dr Cathal de Paor, Stiúrthóir na Forbartha Leanúnaí & Gairmiúla

- An tOll. Eamonn Conway, Ceann Roinn na Diagachta agus an Staidéir Reiligiúnaigh
- An tOll. Des McCafferty, Ceann Roinn na Tíreolaíochta
- An Dr Gwen Moore, Stiúrthóir an Teagaisc agus na Foghlama
- An Dr Neil Ó Conaill, Stiúrthóir na Socrúchán Scoile
- An Dr Aisling Leavy, Ceann na Roinne ETIM
- An Dr Gareth Cox, Ceann Roinn an Cheoil
- An Dr David Clare, Ceann Roinne um Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta (Gníomhach)
- An Dr Deirdre Ryan, Stiúrthóir Cáilíochta
- An Dr Johanna Fitzgerald, Ceann Roinn an Oideachais Speisialta
- An Dr Maurice Harmon, Ceann Roinne Gníomhach & Léachtóir Sinsearach
- Paula Hourigan, Riarthóir Acadúil Sinsearach, CMGS Dhurlais
- An Dr Deirdre Ní Chróinín, Oideachas Ealaíon agus Corpoideachas
- An Dr Eugene O'Brien, Ceann Roinn Litríocht agus Teanga an Bhéarla
- An Dr Paul Collins, ainmnithe ag Dámh na nEalaíon
- An Dr Tom Finegan, ainmnithe ag Dámh na nEalaíon
- An Dr Mia Treacy, ainmnithe ag Dámh an Oideachais
- An Dr Neasa Ní Chuaig, ainmnithe ag Dámh an Oideachais

Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 11 Meán Fómhair 2019
- 6 Samhain 2019
- 22 Eanáir 2020
- 11 Márta 2020
- 6 Bealtaine 2020
- 24 Meitheamh 2020

TÍRDHREACH SEACHTRACH

CUIBHREANNAS SHIONAINNE

I mí Dheireadh Fómhair 2019, chomhaontaigh Uachtaráin CMGS, OL agus LIT go scoirfeadh Cuibhreannas Shionainne de bheith ann mar eintiteas toisc go raibh polasaí reatha an rialtais i ndáil le hardoideachas i bhfabhar ollscoileanna teicneolaíochta a bhunú. Ar an 11 Deireadh Fómhair 2019, fógraíodh go poiblí gur aontaigh Comhlacht Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh cuibhreannas a bhunú le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain leis an aidhm deiridh ollscoil theicneolaíochta a bhunú le chéile, rud a chuirfeadh srian ar an gcumas naisc struchtúracha níos doimhne a chruthú idir na trí institiúid ardoideachais sa réigiún, mar ba mhian le hUachtaráin Chuibhreannas Shionainne roimhe seo.

Dá ainneoin sin, bhíothas ag súil go leanfadh na trí institiúid ag comhoibriú le chéile ar bhonn tionscadal ar thionscadal. Go háirithe, i bhfianaise na moltaí straitéiseacha tábhachtacha i *dTuarascáil Sahlberg II*, comhaontaíodh go raibh sé ríthábhachtach go gcuirfeadh an Institiúid Náisiúnta um Staidéir san Oideachas (NISE) a clár oibre i gcrích. Níor athraíodh caidreamh reatha CMGS le OL, mar atá códaithe faoin Meabhrán Tuisceana idir an dá institiúid.

Coláiste Tearmainn CMGS

Universities of Sanctuary

Sheol an tOll. Niamh Hourigan feachtas Choláiste Tearmainn CMgS chun tús a chur leis an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar Ghradam Coláiste Tearmainn go hoifigiúil ar an 4 Samhain 2019 ag an Lá Taighde - ar théama na Sclábhaíochta Daonna, an Tearmainn, na hImirce & Lánpháirtíochta in Éirinn, Taighde ar Cheartas Sóisialta & Cuimsiú.

Tá rochtain chomhionann ar Ardoideachas cumhdaithe in Airteagal 26 den Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus is féidir le rochtain ar oideachas a bheith bunúsach do chumas duine imeascadh ach deiseanna a chruthú chun bualadh le daoine nua, líonraí gairmiúla a thógáil, fostaíocht fhónta a fháil ar leibhéal oiriúnach agus cur leis an tsochaí. Is tionscnamh é Ollscoil/Coláiste Tearmainn Éireann (UoSI) chun dea-chleachtas ollscoileanna, coláistí agus institiúidí a spreagadh agus a cheiliúradh maidir le fáilte a chur roimh dhídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile isteach ina bpobail ollscoile agus cultúr fáilte agus cuimsithe a chothú dóibh siúd go léir atá ag lorg tearmainn.

Covid 19

Nuair a bhí an Coláiste dúnta, thairg an Coláiste úsáid a áiseanna don FSS dá mbeadh gá leo.

CRUINNIÚ PLÉ STRAITÉISEACH LEIS AN ÚDARÁS UM ARD-OIDEACHAS

Bhí sé sceidealaithe go mbeadh an cruinniú bliantúil maidir le Buiséad agus Idirphlé Straitéiseach leis an Údarás um Ard-Oideachas ar siúl ar an 30 Márta 2020. I mí Feabhra, thug an ÚAO aiseolas ar fheidhmíocht mar a thuairiscigh an Coláiste sa tuarascáil féinmheastóireachta a cuireadh faoi bhráid an ÚAO i mí Dheireadh Fómhair 2019. Bhí an mheastóireacht ar fheidhmíocht CMGS ar fud na bPríomhchuspóirí Córais mar a fhoráiltear i gCreat Feidhmíochta Córais, 2018-2020 thar a bheith dearfach.

Cuireadh an cruinniú seo ar athló ina dhiaidh sin ag an ÚAO.

Gradam Cré-umha Athena SWAN

Ar an 18 Márta 2020, fógraíodh buaiteoirí na ngradam ó bhabhta Shamhain 2019 de phainéil mheasúnaithe Athena SWAN. Bhain CMGS gradam Institiúid Chré-umha amach ar a chéad iarracht. Tá 44 sealbhóir Athena SWAN in Éirinn anois, 13 ag leibhéal institiúide agus 31 ag leibhéal roinne.

Tar éis 18 mí de bhailiú sonraí, anailís bearnaí agus féinmheasúnú, rud a d'fhág gur forbraíodh Plean Gníomhaíochta láidir agus uaillmhianach, tá CMGS tiomanta don phlean gníomhaíochta ceithre bliana a chur i bhfeidhm agus oibreoidh sé i dtreo an gradam Cré-umha a fháil arís in 2023 agus tá gradaim ar leibhéal roinne le cur isteach idir an dá linn. I measc bhuaicphointí an phlean tá ceapachán post ardú céime bunaithe ar fhiúntas acadúil; forbairt agus cur i bhfeidhm polasaí oibre solúbtha; samhail ualaigh oibre a thabhairt isteach; oiliúint maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, claontacht neamh-chomhfhiosach agus agallaimh.

Tá CMGS tiomanta go mór do chomhionannas inscne a chur chun cinn agus a leabú i seirbhísí bainistíochta, acadúla, gairmiúla agus tacaíochta agus chuige sin, bhí áthas orainn an t-aitheantas poiblí seo a fháil ar ár n-iarrachtaí comhbheartaithe chun aghaidh a thabhairt ar chomhionannas inscne ó tháinig muid chun bheith inár mbaill de Chairt Athena SWAN in 2018.

FORBAIRT AN CHAMPAIS








LEABHARLANN


Lean an ÚAO de bheith ag athbhreithniú, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, iarratas CMGS ar mhaoiniú chun Leabharlann/Ionad Acmhainní Foghlama nua a thógáil. Tá an Coláiste ag fanacht le haiseolas ón Údarás um Ard-Oideachas maidir le maoiniú don tionscadal seo.

Cláir Fochéime
Tugadh isteach BA nua san Oideachas sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge in CMGS Dhurlais i Meán Fómhair 2019, rud a thugann líon na gclár fochéime in CMGS go 10 gcinn.

Cláir Iarchéime
Cuireadh tús le dhá chlár nua Máistreachta san Oideachas (M. Oid) i Meán Fómhair 2019.



M. Oid san oideachas reiligiúnach, a dearadh do mhúinteoirí agus oideoirí ar mian leo a dtuiscint ar oideachas reiligiúnach sa seomra ranga comhaimseartha a mhéadú agus a bheith ina gceannairí ar oideachas reiligiúnach ina scoileanna. Cuireann an clár réimse eispéireas ar fáil chun eolas, inniúlacht agus scileanna san oideachas reiligiúnach a thógáil agus cuirtear le chéile é i gcomhthéacs na bunscoile.



M. Oid i gCeannaireacht agus Folláine san oideachas, a dearadh chun na scileanna a thabhairt do rannpháirtithe chun poist cheannaireachta a ghlacadh i gcur chun cinn na folláine i suíomhanna oideachais agus sa phobal i gcoitinne. Scrúdaítear sa chlár na bealaí éagsúla inar féidir folláine a chur chun cinn ar fud an churaclaim, agus aithnítear tionchar an churaclaim fholaithe agus ról na bpríomhpháirtithe leasmhara éagsúla san oideachas. Déantar iniúchadh freisin ar chur chun cinn folláine múinteoirí.

TIONSCADAIL AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ



Giovani Santos ag cur a phóstaeir i láthair



An Dr Julianne Stack, Bainisteoir Cáilíochta Taighde Iarchéime agus Ruth Bourke. Oibrí Tacaíochta, Claochlú Oideachais trí Idirphlé (TED).



An Dr Julianne Stack, Bainisteoir Cáilíochta Taighde Iarchéime agus mac léinn PhD Deborah Tobin.

LÁ TAIGHDE CMGS 2019


Bhí Lá Taighde CMGS 2019 ar siúl ar an 2 Meán Fómhair 2019 i gCampas John Henry Newman. Thug sé baill foirne agus taighdeoirí iarchéime le chéile chun a gcuid oibre taighde a cheiliúradh agus chun iniúchadh a dhéanamh ar an téama *Forbairtí i gCleachtais Maoirseachta Dochtúireachta*.

Thug an Dr Rebekah Smith McGloin, Stiúrthóir an Choláiste Dochtúireachta agus an Ionaid um Chumas agus Forbairt Taighde in Ollscoil Coventry, an Ríocht Aontaithe; agus Cathaoirleach Ghrúpa Oibre Náisiúnta Chomhairle na Ríochta Aontaithe um Oideachas Iarchéime (UKCGE) ar Éagsúlacht agus Inbhuanaitheacht Struchtúr Eagraíochtúil le haghaidh Soláthar Dochtúireachta, thug siad an príomhchur i láthair dar teideal, "*Models, Structures and Developments in Doctoral Education*': A UK perspective with a global framing.'




Ó chlé: An tOll. Jim Deegan (Ceann na Scoile Iarchéime), an tOllamh Eugene Wall (Uachtarán, CMGS), an Dr Rebekah Smith McGloin (Stiúrthóir an Choláiste Dochtúireachta agus an Ionaid um Chumas agus Forbairt Taighde in Ollscoil Coventry, an Ríocht Aontaithe), agus an tOll. Michael Healy (Leas-Uachtarán Taighde).

Powerful Primary Geography – Dr Anne Dolan, Department Learning, Society and Religious Education
D'fhoilsigh Routledge leabhar nua le Dr Anne Dolan dar teideal *Powerful Primary Geography a toolkit for 21st Century Learning* i mí an Mheithimh 2020.




Connecting Lives: Interbelief Dialogue in Contemporary Ireland – Dr Patricia Kieran
D'fhoilsigh an Dr Patricia Kieran leabhar nua dar teideal: *Connecting Lives: Inter-belief Dialogue in Contemporary Ireland*, le Veritas Publications.



Hannah Lynch (1859-1904): IrIsh Writer, Cosmopolitan, New Woman – Dr Kathryn Laing

Sheol an tOllamh Margaret Kelleher (CÓBÁC) leabhar an Dr Kathryn Laing, Léachtóir i Roinn Theanga agus Litríocht an Bhéarla, CMGS agus Faith Binckes, *Hannah Lynch (1859-1904): Irish Writer, cosmopolitan, New Woman,* arna fhoilsiú ag Cló Ollscoile Chorcaí, le linn chomhdháil IASIL i mí Iúil 2020. Seo an chéad staidéar criticiúil iomlán ar an údar, criticeoir agus aistritheoir Hannah Lynch. Scrúdaítear ann a cuid scríbhneoireachta agus a saol, agus ar an gcaoi sin tugann sé léargas ar líonraí cultúrtha agus polaitiúla na mban in Éirinn agus níos faide i gcéin.



Ballraíocht ISSA

Chuaigh CMGS isteach sa Chumann Idirnáisiúnta STEP by STEP i bhfómhar na bliana 2019. Is pobal foghlama idirnáisiúnta é seo atá arna rith ag na saineolaithe luath-óige is fearr san Eoraip agus san Áise Láir. Aontaíonn agus tacaíonn an ISSA le gairmithe agus le comhpháirtithe chun seirbhísí luathbhlianta ardchaighdeáin a sholáthar go cothrom. Ceistíonn siad eolas agus cleachtas atá ann cheana féin go gníomhach agus tógann siad cuir chuige agus samhlacha nua le chéile.

Trína gcuid oibre, molann siad agus tacaíonn siad le Córais Luath-Óige inniúla do gach leanbh, go háirithe iad siúd is leochailí. Déanann siad a ndícheall feasacht a mhéadú ar thábhacht Fhorbairt na Luath-Óige agus ar thábhacht lucht saothair cáilithe. Mar líonra luath-óige agus pobal foghlama ceannródaíoch, cuireann siad seirbhísí ardchaighdeáin, cothroma agus comhtháite chun cinn do leanaí, do theaghlaigh agus do chleachtóirí. Táimid ag tnúth le cur lenár rannpháirtíocht le ISSA, fás dá barr agus foghlaim uaithi.

Mol Scoile Baile RTÉ

Ón 30 Márta 2020, chraol RTÉ uair an chloig de "scoil ar an teilifís" chun tacú le páistí bunscoile agus a dtuismitheoirí sa bhaile mar chuid de thionscnamh teagaisc tras-ardáin arna fhorbairt ag RTÉ agus Macalla Teo le tacaíocht ón Roinn Oideachais agus ó Choláiste Mhuire gan Smál. Chuir múinteoirí bunscoile an t-ábhar go léir i láthair, agus rinneadh é a shamhaltú agus a choimeád bunaithe ar churaclam reatha na bunscoile. Thug an tOllamh Emer Ring, Déan an Oideachais ag CMGS, comhairle agus treoir ghairmiúil do láithreoirí an chláir. Céimí de chuid CMGS is ea duine de na láithreoirí, Ray Cuddihy, a fuair moladh forleathan agus díograiseach ar fud na meán agus na meán sóisialta in 2020.



Droichead ar ais chun na Scoile

D'fhorbair CMGS i gcomhar le AslAm - an Carthanas Feasachta ar Uathachas, agus SuperValu, an Tacar Uirlisí Acmhainní Foghlama: *"Bridge Back to School"- Acmhainn Foghlama a Thacaíonn le Daoine ar a bhFuil Uathachas i gcomhair Shamhradh 2020*, a bhí ar fáil i siopaí SuperValu ar fud na tíre i mí lúil 2020. D'oibrigh an Dr Lisha O'Sullivan, Ceann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus na Seirbhísí Luath-Óige, an Dr Margaret Egan, Léachtóir san Oideachas Ionchuimsitheach, Maria Dervan, mac léinn PhD, Niamh Moore, mac léinn Dochtúireachta Gairmiúla sa tSíceolaíocht Oideachais (DECPsy) agus an tOll. Emer Ring, Déan na Luath-Óige agus Oiliúna Múinteoirí, le AslAm, an múinteoir iar-bhunscoile Anne Jones agus an príomhoide iar-bhunscoile Billy Redmond chun an tacar uirlisí seo a fhorbairt.



Sa phictiúr: Adam Harris

Dúirt Príomhfheidhmeannach AslAm, Adam Harris (sa phictiúr ar dheis) gur "Oibrigh an fhoireann den scoth atá taobh thiar den acmhainn chun uirlis chuimsitheach, tras-earnála, bunaithe ar fhianaise a chruthú chun tacú le leanaí i samhradh na bliana 2020 agus ina dhiaidh sin'. Luaigh Adam "go gclúdaíonn na 50 leathanach ábhair thábhachtacha ó scileanna sóisialta go 'mo chéad lá ar ais ar scoil'" agus gur cuireadh taisce ar líne d'eolas breise agus bileoga gníomhaíochta leis, ag teacht ar an gconclúid "mar is amhlaidh i ngach rud a dhéanaimid, tá taithí agus guth an duine ar a bhfuil uathachas lárnach dár gcur chuige".

GRADAIM AGUS ÉACHTAÍ



Ar chúl, ó chlé: An Dr Lorenzo Girardi, an Dr John Perry, an Dr Graham Burton, an Dr Billy O'Meara, an Dr Vicky Brady, an tOll. Emer Ring, an Dr Adele Hannon, an tOll. Eugene Wall, an Dr Lainey Keane, an Dr Maura Moriarty, an Dr Ian Hickey, an tOll. Niamh Hourigan, an Dr Daniel O'Sullivan

Chun tosaigh, ó chlé: An Dr Julianne Stack, an Dr Anne O Byrne, an Dr Orla Murphy, an Dr Kayleigh Sheerin, an Dr Aoife Olsthoorn, an Dr Charlotte Carey, an Dr Alison O'Keeffe, an tOll. Jim Deegan.

Bronnadh na gCéimeanna 2019

Bhí na searmanais bhronnta bhliantúla ar siúl ón 24-26 Deireadh Fómhair 2019 agus bronnadh dámhachtainí acadúla ar 1,989 mac léinn ó 27 contae, 9 dtír agus 4 mhór-roinn ar fud breis is 30 clár an Choláiste. I measc na ndaoine a bhain céim amach bhí 18 réamhchéimí ar bronnadh dámhachtainí dochtúireachta orthu, lena n-áirítear an chéad chohórt a bhain céim amach le Dochtúireacht Ghairmiúil sa tSíceolaíocht Oideachais agus Leanaí (DECPsy), cúrsa oiliúna gairmiúil lánaimseartha trí bliana d'iarrthóirí ar spéis leo tabhairt faoi ghairmeacha beatha mar shíceolaithe oideachais.

I measc na nithe a tharla den chéad uair bronnadh céimeanna ar dhaoine ón MA san ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic). Bunaíodh an clár páirtaimseartha dhá bhliain in 2017, agus dhírigh sé ar chuir chuige chomhtháite agus nuálacha i leith oideachas ETIM ach iniúchadh a dhéanamh ar theagasc agus ar thaighde atá freagrach go sóisialta agus atá bunaithe ar fhorbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta i suíomhanna scoile agus oideachais. Le linn an imeachta trí lá, bhain an chéad ghrúpa céim amach ón BA i Staidéar Amharclannaíochta Comhaimseartha agus Feidhmeach, céim onóracha nuálach i staidéar drámaíochta agus amharclannaíochta chomh maith leis na chéad chéimithe ón Dioplóma Iarchéime sa Cheannaireacht Chríostaí san Oideachas. Áiríodh i seisiún bronnta na bliana seo 887 mac léinn a bhain céim amach le Gradam Cuspóra Speisialta Leibhéal 6 ón gclár Ceannaireachta um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC).



Sa phictiúr: An tOllamh Eugene Wall agus Jason Reddan

Gradam as Éachtaí

Mar chuid de na searmanais bhronnta, bronnadh Gradam as Éachtaí ar bheirt mac léinn mar aitheantas ar a n-éachtaí neamhacadúla.

Bronnadh an gradam ar Jason Reddan ó Chathair Luimnigh mar aitheantas ar a chuid éachtaí sna meáin chruthaitheacha, chomh maith le BA sna Saorealaíona. Scríbhneoir/stiúrthóir agus léiritheoir a bhfuil gealladh faoi, d'fhág Jason an mheánscoil go luath agus shocraigh sé filleadh ar an oideachas mar mhac léinn lánfhásta in 2013 nuair a thosaigh sé ar an mBonnteastas d'Fhoghlaimeoirí Lánfhásta in CMGS. Ar chríochnú rathúil an chláir dó,

chuaigh sé ar aghaidh chun céim a dhéanamh i mBéarla agus i Staidéar na Meán & Cumarsáide (céim sna Saorealaíona) in CMGS. D'éirigh le Jason freastal ar a chuid staidéir agus ar a ghairm bheatha a bhí ag teacht chun cinn i léiriú scannán agus i measc a chuid creidiúintí stiúrthóra agus scríbhneoireachta tá Who Cares (2015), Streetlights (2016) a bhuaigh an comórtas gearrscannán is mó ar domhan, MyRodeReel, agus le déanaí Soviet City a bhí le feiceáil ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Richard Harris in 2019. Chomh maith leis sin, bhuaigh Jason roinnt comórtas scríbhneoireachta náisiúnta, lena n-áirítear comórtas gearrscéalta 'Write Here Write Now' de chuid Hot Press Magazine in 2018 as a scéal 'What's on your mind' agus bhronn Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUiginn, an gradam air in Áras Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath.

Bronnadh onóir ar Luimníoch eile, Hayleigh Kiely, atá sa dara bliain den Bhunmhúinteoireacht mar aitheantas ar a héachtaí spóirt. Tá sé chraobh náisiúnta agus idirnáisiúnta sa chicdhornálaíocht ag Hayleigh, as Maigh Rois, tar éis di tosú ag traenáil sna healaíona comhraic nuair a bhí sí cúig bliana d'aois.

Ó shin i leith, tá go leor craobhacha náisiúnta agus idirnáisiúnta buaite aici: lena n-áirítear 'Seaimpín Cicdhornálaíochta na gCúig Náisiún' Chumann Spóirt Fáinne an Domhain agus 'Seaimpín Cic Íseal na hÉireann' Chónaidhm Chicdhornálaíochta na hÉireann in 2019; 'Seaimpín Cicdhornálaíochta na gCúig Náisiún' Chónaidhm Chicdhornálaíochta na hÉireann agus buaiteoir Bonn Óir Chraobhchomórtais Dhomhanda Aontaithe in 2018; 'Seaimpín K1' Chónaidhm Chicdhornálaíochta na hÉireann agus 'Seaimpín Náisiúnta Cicdhornálaíochta na hÉireann' Chónaidhm Chicdhornálaíochta na hÉireann in 2017.

Sa phictiúr: Ag searmanas bronnta 2019, bronnadh an Gradam as Éachtaí ar Hayleigh Kiely, mac léinn sa dara bliain den Bhunmhúinteoireacht a bhfuil sé chraobh náisiúnta agus náisiúnta buaite aici sa chicdhornálaíocht.

Searmanas Gradam CMGS 2019

Ar an 19 Samhain, tugadh aitheantas do 130 mac léinn, céimí agus alumni ó CMGS as a ngnóthachtálacha acadúla agus a ngnóthachtálacha suntasacha eile, agus breis is €100,000 á bhronnadh i scoláireachtaí agus i sparánachtaí ag Searmanas Bronnta bliantúil an Choláiste.

I measc na ndaoine a fuair gradam bhí bunaitheoir agus Stiúrthóir Bainistíochta Supermac's, an fiontraí Pat McDonagh. Bhain Pat céim amach ó CMGS mar mhúinteoir bunscoile in 1973, agus bronnadh Gradam Alumnus CMGS na Bliana, 2019 air, mar aitheantas ar a chuid éachtaí suntasacha gnó. Bronnadh gradam Alumna na Bliana de chuid CMGS in 2019 ar an údar Luimníoch, Róisín Meaney, a bhain céim amach mar mhúinteoir bunscoile ó CMGS in 1980.

Ar an oíche, bronnadh 50 Scoláireacht Fochéime CAO, arbh fhiú €2000 an ceann iad, ar mhic léinn na chéad bhliana bunaithe ar na pointí CAO a fuair siad i scrúduithe na hArdteistiméireachta; agus bhronn Liam Lenihan, Leas-Chathaoirleach CLG Mumhan, sparánachtaí CLG arbh fiú €750 iad ar naonúr mac léinn de chuid CMGS ar éirigh go maith leo ina gcuid spórt agus ar mhaith a thuill siad a sparánachtaí.

Sa phictiúr: Pat McDonagh, Roisín Meaney, an tOll. Eugene Wall

Bronnadh an chéad Scoláireacht Iontaobhas TOMAR PATH, ar fiú €2,500 í, i mbliana freisin. Tá an scoláireacht seo á tairiscint ag Iontaobhas TOMAR chun tacú le clár PATH Choláiste Mhuire gan Smál, a bhfuil sé mar aidhm aige aitheantas a thabhairt do mhic léinn a aistríonn le gradam óna gclár Breisoideachais chun glacadh le háir i gcláir ullmhúcháin mhúinteoirí CMGS Dhurlais. I measc na ngradam eile a bronnadh ar an oíche bhí Duais Chuimhneacháin John Hayden, Sparánacht Chuimhneacháin Shellie Murtagh;

duaiseanna acadúla Dhámh na nEalaíon agus Dhámh an Oideachais; duaiseanna Iontaobhas Naomh Bonaventure; duaiseanna iarchéime agus Chlár LINC.

SCÉIM SCOLÁIREACHTA IARCHÉIME RIALTAS NA hÉIREANN IRC

Bronnadh Scoláireacht Iarchéime ar Tracy McCarthy, Taighdeoir Iarchéime, Roinn na Staire, as tionscadal tráchtais taighde úrnua dar teideal, "Politics, Disaffection and Rebellion in Connacht, 1775-1800." Ba é an Dr Liam Chambers, Ceann na Roinne Staire, a stiúir tionscadal tráchtais taighde Tracy.

Bronnadh Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann ar Shane O'Neill, Taighdeoir Iarchéime, Roinn Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta, as tionscadal tráchtais taighde nuálach dar teideal, "Analysing Samuel Beckett's Self-Translation Process through his Dramatic Works". Ba iad an Dr David Clare agus an Dr Michael Finneran, Roinn Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta, a stiúir tionscadal tráchtais taighde Shane.



Sa phictiúr: An tOll. Jim Deegan, HGS le Tracy McCarthy, Taighdeoir Iarchéime sa Stair



Sa phictiúr: An tOll. Jim Deegan (HGS) le Shane O'Neill, Taighdeoir Iarchéime i Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta

Gradam Teacher Inspire

Bronnadh Gradam Teacher Inspire ón gComhairle Múinteoireachta ar fhoireann Róbataice CMGS-Dell VEX, faoi stiúir an Dr Maeve Liston, Stiúrthóir Fiontair agus um Rannpháirtíocht sa Phobal agus Léachtóir Sinsearach san Oideachas Eolaíochta in CMGS, mar aitheantas ar a n-iarrachtaí chun róbataic a chomhtháthú ar fud churaclam na bunscoile. Bhí clár Róbataice Vex ar cheann de cheithre chlár ar fud na tíre a cuireadh ar an ngearrliosta mar chuid den chéad tionscnamh de chuid Teachers Inspire Ireland. Bronnadh Gradam Comhoibrithe na Comhairle Múinteoireachta ar an tionscadal ag an searmanas in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) ar an 4 Deireadh Fómhair agus roghnaigh an Chomhairle é mar eiseamláir den ról claochlaitheach a imríonn múinteoirí inár bpobail agus inár sochaí tríd an gcomhoibriú.



Foireann Róbataice CMGS-Dell VEX, faoi stiúir an Dr Maeve Liston, Stiúrthóir Fiontair agus um Rannpháirtíocht sa Phobal agus Léachtóir Sinsearach san Oideachas Eolaíochta in CMGS in éineacht le Tomás Ó Ruairc, Príomhfheidhmeannach, an Chomhairle Mhúinteoireachta, an tOll. Brian MacCraith, Uachtarán DCU.

Gradaim Síceolaíochta Chumann Síceolaíochta na hÉireann
Bronnadh gradaim ar bheirt mhac léinn de chuid CMGS ag Comhdháil Uile-Éireann na Mac Léinn de chuid Chumann Síceolaíochta na hÉireann, 2020. De bharr srianta COVID-19, bogadh an chomhdháil, a bhí le bheith ar siúl in UCC, ar líne agus chuir mic léinn ó gach cearn den tír póstaeir isteach bunaithe ar thaighde a rinneadh dá dtráchtas fochéime sa tsíceolaíocht.

Bronnadh gradaim ar Laura Phelan agus Cora Howe, beirt acu sa bhliain dheireanach ar Chlár an Bhaitsiléara Oideachais & Síceolaíochta in CMGS, as a gcuid oibre. Bhí Laura ar dhuine de bheirt bhuaiteoirí foriomlána sa chatagóir fochéime, agus tugadh Ardmholadh do Cora as a cuid taighde.

Laura Phelan

Cora Howe

Bronnadh gradam ar Laura, arb as Baile an Chaisleáin i gContae Laoise di, as a tionscadal bliana deiridh *'I Get Knocked Down, but I Get Up Again: Exploring Sports Injury-Related Growth in GAA Athletes*', inar ndearnadh scrúdú ar leibhéil tacaíochta sóisialta lúthchleasaithe CLG, a ndiongbháilteacht meabhrach, agus cé acu a bhí a ngortú i ndiaidh leas a dhéanamh dóibh.

Rinne tráchtas bliana deiridh Cora, *'Alienating Assessment: The Effects of a Label of Special Educational Needs and Vicarious Contact on Writing Assessment'*, iniúchadh ar mheasúnú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus scrúdaíodh ann an chaoi a n-athródh múinteoirí a measúnú ar scríbhneoireacht dá gcuirfí lipéad riachtanais speisialta oideachais ar scríbhneoireacht linbh. Ina cuid taighde, cheistigh Cora chomh maith an chaoi a mbíonn tionchar ag na meáin ar dhearcthaí intreacha múinteoirí i leith leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Aitheantas do Léachtóirí CMGS as Barr Feabhais sa Teagasc
Gearrliostaíodh beirt léachtóirí in CMGS do Ghradaim Réigiúnacha an Iarthair Láir as Barr Feabhais sa Teagasc 2020.

Bhí an Dr Maeve Liston agus Anne-Marie Morrin i measc an tseachtar acadóirí a cuireadh ar an ngearrliosta don ghradam, a raibh sé mar aidhm aige cleachtas den scoth i múineadh ardoideachais ar fud Réigiún an Mheán-Iarthair a thaispeáint agus a chur chun cinn.

An Dr Maeve Liston, Stiúrthóir Fiontair agus um Rannpháirtíocht sa Phobal

Anne-Marie Morrin, Léachtóir, Roinn an Oideachais Ealaíon agus an Chorpoideachais

An Dr Michael Finnegan ar Bhalla Laochra DCU
Cuireadh an Dr Michael Finneran le Balla Laochra Alumni DCI i mí Iúil 2020. Ag ócáid fhíorúil, bronnadh onóir ar Michael mar aon le 10 ndámhachtaí eile as an méid suntasach a chuir sé le hoideachas na drámaíochta agus na hamharclannaíochta.

An Dr Michael Finneran, Ceann Roinne um Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta

FORBAIRT NA hOIBRE IDIRNÁISIÚNTA



Nascaireacht Cathrach

Tar éis tréimhse fhada iniúchta agus plé, cuireadh tús le céim phleanála thionscadal Nascaireacht Cathrach i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh (NEIC) Bhaile Átha Cliath i bhfómhar na bliana 2019, le tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óga agus ó TUSLA. Is tionscadal idirghabhála scoile thar a bheith éifeachtach é Nascaireacht Cathrach a d'fhorbair Coláiste Bhostúin, agus feidhmíonn sé i sé stát sna Stáit Aontaithe faoi choimirce Choláiste Bhostúin. Trína chomhpháirtíocht le Coláiste Bhostúin, bhí ról lárnach ag CMGS chun an Tionscadal a thabhairt go hÉirinn agus lean sé orthu mar chomhpháirtithe i gcur i bhfeidhm an Tionscadail i 10 scoil i lár chathair Bhaile Átha Cliath nuair a bhog sé isteach sa chéim chur i bhfeidhm, a thosaigh i mí Eanáir 2020.

Sa phictiúr: Stanton E.F. Wortham, Charles F. Donovan, S.J, Déan Scoil Oideachais Lynch Choláistí Bhostúin, Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál, Eugene Wall, agus Propast agus Déan na nDámh, David Quigley, ag síniú an chomhaontaithe in-athnuaite cúig bliana.

Cur i Láthair an Oll. Emer Ring ag Comhdháil Náisiúnta na Múinteoirí, Uganda

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna cuireadh don Ollamh Emer Ring, Déan an Oideachais ag CMGS, cur i láthair a dhéanamh ag Comhdháil Múinteoirí Uganda do bhreis is 4,000 múinteoir de chuid Uganda in Kampala, ar an 6 agus 7 Meán Fómhair 2019.



Sa phictiúr: An tOll. Emer Ring sa phictiúr le Céad Bhean Uganda agus an tAire Oideachais, an tOnórach Janet K. Museveni.

Ag Casadh le Roinn Oideachais na Brasaíle

A bhuíochas do mhaoiniú Soghluaisteachta Acadúla Rialtas na hÉireann, thaistil an tOllamh Eugene Wall, Uachtarán, in éineacht le Holly Cowman, Stiúrthóir na Rannpháirtíochta Idirnáisiúnta agus an Dr Finn Ó Murchú, Ceann Scoile, CMGS Dhurlais, go dtí an Bhrasaíl i mí na Samhna 2019 le haghaidh roinnt cruinnithe straitéiseacha ardleibhéil, lena n-áirítear le hAireacht Oideachais na Brasaíle, Rúnaíocht Bhardasach an Oideachais agus Rúnaíocht Oideachais Stát São Paulo. Chomh maith leis sin, shínigh an tUachtarán Meamram Comhthuisceana le Reachtaire Universidade Federal Fluminense (UFF) le linn an turais. Ollscoil taighde den scoth is ea UFF agus roinneann sé tiomantas CMGS chun oideachas cuimsitheach, éagsúlacht agus inrochtaineacht a chothú.



Sa phictiúr: An tOllamh Eugene Wall, an tUasal Carlos Lenuzza, CAPES, a Shoilse an tAmbasadóir Seán Hoy, Holly Cowman, an Dr Sarah O'Brien, an Dr Finn Ó Murchú, Andrea Oliveira, CAPES, agus Declan Heery, an Leas-Cheann Misin, Ambasáid na hÉireann, an Bhrasaíl.



Sa phictiúr: An tOllamh Eugene Wall leis an Ollamh Antonio Claudio Lucas da Nóbrega, Reachtaire UFF.

Blas-seisiúin Scoile Samhraidh Idirnáisiúnta

Reáchtáladh blas-seisiúin rathúla fhíorúla den scoil samhraidh do mhic léinn idirnáisiúnta agus do chuairteoirí idir an 13 – 17 Iúil 2020. Chláraigh breis is 400 aoi trí Eventbrite ó gach cearn de SAM, Meiriceá Laidineach, an tSín agus an Eoraip. Bhí foireann na hOifige Idirnáisiúnta an-sásta leis an spéis agus leis an idirghníomhaíocht le linn na ranganna agus sna seachtainí i ndiaidh na seisiún.



COMHDHÁLACHA AGUS SEIMINEÁIR

An Tionscadal um Gháinneáil ar Dhaoine agus Dúshaothrú in Éirinn
Ar an 1 Samhain 2019, d'óstáil CMGS collóiciam taighde dar teideal "Human Slavery, Asylum, Migration & Integration in Ireland: Social Justice & Inclusion Research in MIC" a leag béim ar cheist na sclábhaíochta nua-aimseartha agus na gáinneála ar dhaoine. Bunaithe ar thionscadal taighde a scrúdaigh scála agus raon feidhme na gáinneála ar dhaoine agus an dúshaothraithe ar oileán na hÉireann, chuir an collóiciam ceist an raibh gannmheas á dhéanamh i staitisticí oifigiúla ó Éirinn agus ó Thuaisceart Éireann ar líon na n-íospartach gáinneála ar dhaoine sa dá dhlínse. Aithníodh ann freisin easpa feasachta in Éirinn maidir le coir na gáinneála ar dhaoine agus leagadh béim ar an ngá atá le ceannaireacht agus oiliúint a chur ar fáil do gach earnáil a d'fhéadfadh teagmháil a dhéanamh le híospartaigh na gáinneála chun go mbeidh siad in ann na híospartaigh sin a aithint agus cabhrú leo. Dhírigh an Collóiciam ar obair Ghrúpa Domhanda Santa Marta, a bhfuil CMGS mar bhall de, agus ar thaighde an Tionscadail um Gháinneáil ar Dhaoine agus Dúshaothrú in Éirinn (HTEPII), atá faoi stiúir CMGS agus a fhaigheann cómhaoiniú ón nGarda Síochána, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Roinn Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann agus CMGS.



Sa phictiúr: An tOllamh Michael Breen, an Dr Amy Healy, Kevin Hyland (Grúpa Domhanda Santa Marta agus iar-Choimisinéir Frith-Sclábhaíochta sa Ríocht Aontaithe) an tOllamh Niamh Hourigan, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla agus an tOllamh Michael Healy, Leas-Uachtarán Taighde.

Éisteadh freisin ag an gcollóiciam le tuarascáil ón "Tionscadal um Ghlacadh le hÉagsúlacht, Comhtháthú a Chothú" (EDNIP), atá cómhaoinithe trí Chiste Tearmainn, Imirce agus Comhtháthaithe an AE agus deontóirí príobháideacha agus faoi stiúir an Dr Ann Higgins agus Áine Lyne. Díríonn an tionscadal seo ar idirghabhálacha dearfacha atá bunaithe ar thaighde i roinnt scoileanna DEIS chun tacú le comhtháthú pobal imirceach, teaghlach agus leanaí sa chóras scoile. Chríochnaigh an collóiciam le tuairisciú ón Dr Ailbhe Kenny ar théamaí ó thionscadal arna mhaoiniú ag Éire Ildánach lena mbaineann Pobail a Nascadh - Lorg Amhrán i gcomhthéacsanna Soláthair Dhírigh. Leag an dá thuarascáil seo béim ar an tionchar dearfach a bhí ag na tionscadail taighde ar shaol leanaí agus teaghlach i dteaghlaigh inimirceach atá ag imeascadh le sochaí na hÉireann.

Ina n-aonar agus le chéile, is ionann téamaí an chollóiciam taighde agus ionchur nua le clár oibre an Choláiste maidir le ceartas sóisialta mar atá leagtha amach ina Phlean Straitéiseach reatha 2023 - Pobal Foghlama Faoi Bhláth.

Comhdháil Náisiúnta ar Mhíchumas Leanaí CMGS/FSS 2019
Ar an 6 Nollaig 2019, d'óstáil CMGS, i gcomhpháirtíocht le FSS, comhdháil náisiúnta ar mhíchumas leanaí, inar roinneadh dea-chleachtas, smaointe agus nuálaíocht le tuismitheoirí agus le gairmithe sláinte, agus ag an am céanna tugadh aitheantas do na dúshláin leanúnacha maidir le freastal ar an éileamh ar sheirbhísí. Thug an dara Comhdháil náisiúnta um Dhul Chun Cinn Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus Daoine Óga (PDS) 450 ball foirne FSS agus tuismitheoir le chéile ar an láthair ag CMGS Luimnigh agus ghlac 600 duine breise páirt trí Sheimineár Gréasáin.

Dhírigh an chomhdháil aon lae ar Chleachtas atá Dírithe ar an Teaghlach agus ar na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige comhpháirtíochta seo chun tacú le leanaí faoi mhíchumas agus lena dteaghlaigh. San am atá thart, bhí samhail dírithe ar ghairmithe ag seirbhísí inar measadh gur saineolaithe iad gairmithe a chinn riachtanais daoine faoi mhíchumas. Le blianta beaga anuas tá athrú seasta tagtha ar an gcur chuige agus Cleachtas atá Dírithe ar an Teaghlach ag athrú an chaoi a soláthraíonn FSS seirbhísí.

An tOll. Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Rialachais & Straitéise, an Dr Anne O'Byrne, Léachtóir san Oideachas Cuimsitheach & Speisialta agus an tOll. Emer Ring, Déan an Oideachais, CMGS.

RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL AGUS CULTÚR





Oíche Chultúir 2019
D'oscail Coláiste Mhuire gan Smál a dhoirse don phobal ar an 20 Meán Fómhair 2019 chun Oíche Chultúir a cheiliúradh. I mbliana, bhí Oíche Chultúir ag CMGS thar a bheith speisialta, agus CMGS Dhurlais ag glacadh páirt in Oíche Chultúir den chéad uair.

Bronnadh €350,000 ar CMGS i dtreo Thionscnamh ETIEM den Chéad Ghlúin eile Bronnadh €350,000 ar CMGS i mí na Nollag 2019 chun tionscnamh mór for-rochtana ETIEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Matamaitic) a fhorbairt. Leis an tionscnamh, bunófar spás taispeántais phoiblí agus ceardlainne idirghníomhaí dinimiciúil agus idirghníomhach darb ainm CRAFT Maker Space, rud a ligfidh do chumasc nuálach na n-ealaíon cruthaitheach agus oideachas ETIM. Beidh an spás seo suite i gCampas John Henry Newman agus beidh sé ar an gcéad cheann dá leithéid a bheidh suite i réigiún an Iarthair Láir.

Bhronn an tÚdarás um Ard-Oideachas an maoiniú mar chuid de phróiseas iomaíoch meastóireachta feidhmíochta chun aitheantas a thabhairt do thionchar institiúidí ardoideachais na hÉireann i gcomhréir le tosaíochtaí agus spriocanna náisiúnta. Thug painéal athbhreithnithe neamhspleách aird ar leith ar an gceannaireacht a léirigh CMGS le blianta beaga anuas i gcur chun cinn oideachas ETIM agus a chomhpháirtíocht le scoileanna, tionscal agus páirtithe leasmhara eile chun forbairt scileanna ETIM i measc leanaí a chothú.

Seachtain an Spáis

Reáchtáil CMgS trí cheardlann ETIM Spáis le linn Sheachtain an Spáis (30 Meán Fómhair go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2019) do dhaltaí ó Scoil Mháthair Dé agus Scoil Náisiúnta Naomh Eoin ar stair an spástaistil agus an domhantarraingthe chomh maith le ceiliúradh a dhéanamh ar 50 bliain ó thuirling Apollo 11 ar an ngealach.



Seachtain na Matamaitice

Reáchtáil CMgS trí imeacht chun Seachtain na Matamaitice 2019 a cheiliúradh (14 – 18 Deireadh Fómhair 2019).

Seachtain na hEolaíochta

Chuir CMGS go mór le Féile Eolaíochta Thiobraid Árann (TFS) a bhí ar siúl le linn Sheachtain na hEolaíochta, 2019 (10 - 17 Samhain 2019). Mheall an ócáid seo beagnach 4,000 duine. I gcaitheamh na seachtaine, bhí breis is 50 gníomhaíocht bunaithe ar ETIM agus ETIEM do gach aois chun plé le saol suimiúil na heolaíochta. Ba é Athrú Aeráide téama Sheachtain na hEolaíochta 2019 agus chun é seo a chomóradh, bhronn Coillte 30,000 crann óg dhúchasach san iomlán ar fhéilte ar fud na tíre. Mar gheall ar an éileamh gan fasach ar na crainn óga, dáileadh na 3,600 crann óg a fuair Féile Eolaíochta Thiobraid Árann ar bhaill den phobal i níos lú ná trí uair an chloig ó CMGS Dhurlais.

Ba é 2019 an ceathrú bliain a reáchtáil Coláiste Mhuire gan Smál, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh Féile Eolaíochta Thiobraid Árann. Chomh maith le tacaíocht ón gComhpháirtíocht Éireannach-Mheiriceánach, tá maoiniú don fhéile á chur ar fáil ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) faoina gClár Fiontrachtana SFI.







3 4G 22:38

irishtimes.com — Private

THE IRISH TIMES

IRELAND › IRISH NEWS

BURST YOUR BUBBLE: John Beary steps inside a bubble as Scientific Sue launched the Tipperary Festival of Science at Monastery Primary School in Tipperary Town. The Tipperary Festival of Science (TFS) will take place in schools, libraries and arts centres throughout the county from November 10th-17th as part of national Science Week. The festival, which will attract over 4,000 people across the week, will feature an array of STEM (Science, Technology, Engineering, Mathematics) based activities for all the family that will engage children and adults in the wonderful world of science. Photograph: Brian Arthur

SPÓRT



Peil na mBan - Buaiteoirí Shraithchomórtas Shraith 4

peil na mban – Craobhiomaitheoirí Shraithchomórtas Shraith 2
peil na mban - Buaiteoirí Shraithchomórtas Shraith 4
Iománaíocht idirmheánach – Buaiteoirí Shraith na Mumhan agus Shraith Uile-Éireann
cispheil na mban – Craobhiomaitheoirí Shraithchomórtas Shraith 3 **Peil Shinsearach na bhFear**– Craobhiomaitheoirí Chorn Uí Thrinsigh
Iománaíocht Shinsearach – Iomaitheoirí i mbabhta leathcheannais Chorn Mhic Giobúin
Iománaíocht idirmheánach – Buaiteoirí Chraobhchomórtas Mumhan agus craobhiomaitheoirí Uile-Éireann
Iománaíocht na bhFreisear – Craobhiomaitheoirí shraith Uile-Éireann
Ealaíona Comhraic - Hayleigh Kiely, Seaimpín Cicdhornálaíochta na hÉireann 2019



Cispheil na mBan – Craobhiomaitheoirí Shraithchomórtas Shraith 3

Buaiteoirí na hÉireann san Iománaíocht.
Bhí áthas orainn an oiread sin iar-mhic léinn de chuid CMgS a fheiceáil ar Fhoireann Shinsearach Iomána Thiobraid Árann a bhuaigh Craobh Uile-Éireann in 2019.

Tiobraid Árann - Alumni CMGS
Ronan Maher
Seamus Kennedy
Alan Flynn
David
Sweeney
Brendan
Maher Niall O
Meara

Tiobraid Árann, Buaiteoirí Iomána Uile-Éireann Faoi 20:
Bhí cúigear mac léinn reatha ag CMGS ar fhoireann Thiobraid Árann a bhuaigh Craobhchomórtas Faoi 20 na hÉireann san Iománaíocht.

Craig Morgan
Johnny Ryan
Andy Ormond
Ray McCormack
Cathal Bourke



Iomaitheoirí i mbabhta leathcheannais Chorn Mhic Giobúin



Craobhiomaitheoirí


UIMHREACHA BRONNTA CÉIME 2019

CÚRSA	LÍON CÉIMITHE
Baitsiléir na nDán	236
Baitsiléir na nDán i Staidéir Amharclannaíochta Chomhaimseartha agus Feidhmeacha	10
Teastas Iarchéime sa Cheannaireacht Chríostaí san Oideachas	33
Dioplóma Iarchéime sa Cheannaireacht Chríostaí san Oideachas	3
Dioplóma Iarchéime i Staidéar na Meán	1
Máistreacht sna Dána i dTeangeolaíocht Fheidhmeach	6
Máistreacht sna Dána sa Cheannaireacht Chríostaí san Oideachas	9
Máistreacht sna Dána i gCleachtas Forbartha Idirnáisiúnta	1
Máistreacht sna Dána i Staidéar na Meán	12
Máistreacht sna Dána (Taighde agus Tráchtas)	1
Dochtúireacht san Fhealsúnacht (na Dána)	6
Teastas Iarchéime i Staidéir Uathachais	47
Dioplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta	49
Dioplóma i gCúram agus Oideachas Luath-Óige	1
Baitsiléir na nDán i gCúram agus Oideachas Luath-Óige	79
Baitsiléir na nDán i gCleachtas Luath-Óige	39
Baitsiléir Oideachais	393
Baitsiléir Oideachais san Oideachas agus sa tSíceolaíocht	31
Dioplóma Céimithe san Oideachas Aosach agus sa Bhreisoideachas	15
Máistreacht sna Dána in Oideachas ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic)	5
Máistreacht sna Dána in Oideachas agus Folláine an Duine Bhreacaosta	1
Dochtúireacht i Síceolaíocht Oideachais agus Leanaí	9
Teastas sa Staidéar Oideachais (Leibhéal 7 - Miondámhachtain)	1
Baitsiléir na nDán i Staidéir Oideachais (Leibhéal 7)	1
Baitsiléir na nDán i Staidéir Oideachais (Leibhéal 8)	1
Baitsiléir na nDán san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Chuntasaíocht	1
Baitsiléir na nDán san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Staidéar Reiligiúnach	1
Baitsiléir na nDán san Oideachas, Gaeilge, agus Staidéar Reiligiúnach	1
Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Múinteoireacht Bhunscoile)	64
Máistreacht san Oideachas	14
Máistreacht san Oideachas san Oideachas Speisialta	3
Teastas san Oideachas san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta	2
Máistreacht san Oideachas san Oideachas Lán-Ghaeilge	10
Dioplóma Iarchéime in Oideachas na Litearthachta	4
Máistreacht san Oideachas i gCeannaireacht agus i mBainistíocht Oideachais	5
Teastas san Fhoghlaim Ghinearálta agus san Fhorbairt Phearsanta	2
Máistreacht sna Dána san Oideachas (Taighde agus Tráchtas)	2
Dochtúireacht san Fhealsúnacht (Oideachas)	3
Teastas i gCeannaireacht um Chuimsiú sna Luathbhlianta	887
Líon iomlán na gCéimithe:	1989

Úsáid Fuinnimh

ÚSÁID FUINNIMH

Ní bheidh sé seo ar fáil do Bhliain Acadúil 2019-20 go deireadh Bhealtaine 2021.



Cuntais

Deimhníonn an Coláiste gurbh ionann na táillí agus/nó na costais, a íocadh le baill na nIontaobhaithe agus an Údaráis Rialaithe i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Airgeadais, gurbh ionann iad agus €2791 don bhliain 2020, agus go cuirfear i láthair i dTuarascáil Bhliantúil an Choláiste don bhliain 2020 iad nuair a bheidh an t-iniúchadh ar chuntais 2019/2020 curtha i gcrích.

NÓTAÍ DO THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

Gealltanais Chaipitil agus Feabhsú Champas an Choláiste

Tá oibreacha athchóirithe suntasacha curtha i gcrích ag an gColáiste ar a oifig Ealaíon agus athlonnaíodh oifigí Cumarsáide Straitéisí & Margaíochta chun timpeallachtaí níos fáiltí agus níos taitneamhaí a sholáthar do bhaill foirne agus do mhic léinn.

Tá Cead Pleanála faighte ag an gColáiste chun Leabharlann/Ionad Acmhainní Foghlama nua a thógáil ar Champas Luimnigh agus tá an tionscadal seo ag fanacht le deimhniú maoinithe.

Rinne an Coláiste uasghrádú agus chuir sé leis an toilleadh i léachtlann "Sciathán na Trócaire" ar champas Dhurlais chun freastal ar mhéideanna méadaitheacha na ranganna atá ag freastal ar champas Dhurlais.






MIC
MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL